# Ionad Cultúrtha

## Séasúr an tEarrach 2025

### Imeachtaí Áitiúla | Local Events Center



Baile Mhúirne
Co. Chorcaí P12 X239

# Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh

## Lárnach i saol cultúrtha Ghaeltacht Mhúscraí

Ionad Cultúrtha an
Dochtúir Ó Loingsigh,
Baile Mhúirne,
Co. Chorcaí.
P12X239

Fón:
026-45733

Ríomhpost:
eolas@ionadculturtha.ie

10 noim ó Maighchromtha
*10 mins from Macroom*

20 noim ó Cill Áirne
*20 mins from Killarney*

Is é aidhm Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh na healaíona d'ardchaighdeán a chur chun cinn agus suim na healaíon a mhúscailt i measc an phobail. Chuige san, tá clár dúshlánach leagtha amach ag Ionad Cultúrtha – idir ranganna, ceardlanna, ceolchoirmeacha, taispeántais rince comhaimseartha agus taispeántais ealaíne – a chuireann an ionad ealaíne seo i gceartlár saol ealaíona Ghaeltacht Mhúscraí. Is é trí mheán na Gaeilge a reáchtáiltear na himeachtaí go léir san Ionad Cultúrtha. Tá leithéidí Muireann Nic Amhlaoibh, Jim Murray, Tara Breen, Padraig Rynne, Nell Ní Chróinín, Séamus & Caoimhe Uí Fhlártharta, Lisa Lambe, Frankie Gavin, Jackie Daly, Sliabh Notes, Peadar Ó Riada, Iarla Ó Lionáird, Liam O'Flynn, John Carty, Matt Molloy, Keane & Connolly & McGorman, John Spillane, Richard Lucey, Noel Hill, Tony Mc Mahon agus Steve Cooney tar éis ceol a chasadh san Ionad Cultúrtha.

*Ionad Cultúrtha offers a challenging programme – including classes, workshops, concerts, contemporary dance performances and art exhibitions – which places this centre at the heart of artistic life in the Muskerry Gaeltacht. Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh has hosted concerts by many well-known musicians and bands such as: Muireann Nic Amhlaoibh, Jim Murray, Tara Breen, Padraig Rynne, Nell Ní Chróinín, Séamus & Caoimhe Uí Fhlártharta, Lisa Lambe, Frankie Gavin, Jackie Daly, Sliabh Notes, Peadar Ó Riada, Iarla Ó Lionáird, Liam O'Flynn, John Carty, Matt Molloy, Keane & Connolly & McGorman, John Spillane, Richard Lucey, Noel Hill, Tony Mc Mahon and Steve Cooney. Classical and chamber music concerts are also performed in Ionad Cultúrtha and in particular since a Grand Piano was bought (in memory of Séan Ó Riada) the likes of John Gibson, Micheál O'Rourke, Dr Fionnuala Moynihan, Catherine Leonard and Hugh Tinney have performed in the auditorium. As well as offering traditional and classical artforms to the public, Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh also maintains its commitment to offering contemporary and innovative artforms -contemporary dance performances and visual art programmes. Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh runs an art-for-people programme and also hosts visual art exhibitions on a regular basis.*







## Nóta an Bhainisteora

A chairde,

Athbhliain fé mhaise dhaoibh ar fad. Bhí bliain fior ghnóthach againn san Ionad Cultúrtha i 2024 agus táimid ag súil go mbeidh 2025 níos fearr fós! Bhuamar an chéad áit i nGradam na Gaeltachta a bhí urraithe ag Údarás na Gaeltachta i 2024, agus bhíomar ainimithe arís ag an Crannchur Náisiunta san ngradaim "dea-chúiseanna." Ar ndóigh ní tharlódh sé seo gan bhúr dtacaíocht. Tá clár an Earraigh lán do imeachtaí ilgnéitheacha agus éagsúil. Beidh ceol choirmeacha, ranganna ceoil idir óg agus aosta, ranganna ealaíona, ceardlainn, taispeántaisí, drámaíocht agus scannáin i measc na n-imeachtaí a bheidh á reachtáil agus tá súil againn go mbeidh sibh linn.

Ar ndóigh i mbliana, tá an tIonad Cultútha faoi scamall an bhróin ar bhás ár ndlúth chara agus griangrafadóir portráidí san Ionad, Con Kelleher, a cailleadh i dtús Mí Eanair 2025. Ní féidir cur síos i bhfocail a dhéanamh ar an dtionchar a bhí aige mar chara agus mar ealaíntóir. Tá oidreacht agus seod luachmhar fágtha aige - idir a chuid griangraif féin agus na portráidí ar fad a ghlac sé do ealaíontóirí a fhreastal ar an Ionad Cultúrtha. Bhí stíl faoi leith aige a bhí cneasta agus uasal le cách. Bhí sé mar ball do fhoireann an Ionaid le fiche bliain agus ann i gconaí chun comhairle, cabhair agus tacaíocht a chuir ar fáil, go minic ag fanúint go dtí deireadh na gcoirmeacha ceoil chun cabhrú linn an áit a chuir faoi ghlas. Braithimíd uainn é go mór. Suaimhneas sioraí dá anam uasal.

Liadh Ní Riada
Bainisteoir



# Péintéirí Ceolmhara 2
## Taispeantais Ealaíona
**Aoine 17.01.25 | 7:30in | Saor**

**John Kelly Jnr**
Bunaithe i mBaile Átha Cliath, tá dhá phaisean aige: péinteáil agus ceol traidisiúnta na hÉireann. Is ealaíontóir cumasach é John, agus tá a chuid saothar péintéireachta in ola ar taispeáint sa Chlár, i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath, ag mealladh lucht féachana lena thírdhreacha iontacha, a phortráidí spreagúla agus a shaothair teibí nua-aimseartha. Tá a aistear cruthaitheach fréamhaithe go domhain in oidhreacht shaibhir na hÉireann, ag tarraingt inspioráid ó áilleacht nádúrtha an Chláir agus ó shaol cultúrtha bríomhar Bhaile Átha Cliath.

**Gearóid Ó Duinnín**
Ealaíontóir agus ceoltóir Éireannach cumasach le stíl ar leith. Tá cáil air mar gheall ar a phictiúir fuinniúla bríomhara a mbíonn tírdhreacha agus radharcanna dúlra le fáil iontu go minic. Tá a shaothar ar taispeáint i ngailearaithe éagsúla agus tá aitheantas faighte aige as an áilleacht a bhaineann leo.

Is teist é saothar Uí Dhuinnín ar a chruthaitheacht agus a bhuanna. Tá a chuid péintéala agus a chuid ceoil araon álainn agus spreagúil, agus tugann siad léargas ar oidhreacht shaibhir chultúrtha na hÉireann.

**Peadar Ó Riada**
Cumadóir ceoil, beachadóir agus craoltóir gur suim leis ealaíon, luibh-eolaíocht agus forbairt pobail. Stiúrthoir Cór Cúil Aodha agus Cór Ban Cúil Aodha. Bhunathóir Acadamh Fódhla, agus Iontaoibheas Fódhla, stiúrthoir/léirtheoir scannán agus údar leabhar, tá a chuid ceoil cúmtha do réir nósanna thraidisiúnta, nósanna claisiceacha, ceol eaglasta agus ceoltacha do ilmhéáin eile. bhfuil sé pósta agus ceathrar clainne aige. Tá 18 dlúth dhiosca dá chuid ceoil foillsithe mar aon le ceol do dhrámaí agus réimse scannáin.

**Beidh ceol agus craic againn tar éis an taispeantais**

# Péintéirí Ceolmhara 2
## Art Exhibition
**Friday 17.01.25 | 7:30pm | Free**

***John Kelly Jnr***
*Based in Dublin, has dedicated his life to two profound passions: painting and traditional Irish music. A gifted artist, John has exhibited his oil paintings in Clare, Cork, and Dublin, captivating audiences with his striking landscapes, evocative portraits, and modern abstract works. His creative journey is deeply rooted in the rich heritage of Ireland, drawing inspiration from the natural beauty of Clare and the vibrant cultural life of Dublin.*

***Gearóid Ó Duinnín***
*A talented Irish artist and musician with a unique style. He is known for his vibrant and expressive paintings, often featuring landscapes and nature scenes. His work has been exhibited in various galleries and has gained recognition for its beauty and originality.*

*Ó Duinnín is also a talented musician. He plays guitar and has performed at various venues in Ireland.*

***Peadar Ó Riada***
*Music composer, beekeeper and broadcaster with an interest in the arts, botany and community development. Director of Cór Cúil Aodha, Cór Ban Cúil Aodha and performs with the groups Triur, The Drôle, Continuing Traditions (with Wajahat Khan), Seán Ó Sé and Ceoltóirí Chualan. Film director/producer and author of books, his music is based on traditional customs, classical customs, church music and musical accompaniment for other media.*

***The exhibition will be followed by tunes and fun from our musicians.***



## Ceol-Scoil Chorcaí

**Domhnach 26.01.25 | 3:00in | Saor**

Tá lúcháir ar Ceol-Scoil Chorcaí filleadh ar an Ionad Cultúrtha chun mic léinn shinsearacha ó Roinn Cheol Traidisiúnta na hÉireann a a chur i láthair ag 'Ceiliúradh ar Cheol Traidisiúnta na hÉireann'.

## Cork School of Music

**Sunday 26.01.25 | 3:00pm | Free**

*Cork School of Music are delighted to return to The Ionad Cultúrtha to showcase their Senior Students from the Irish Traditional Music Department in a 'Celebration of Traditional Irish Music'.*

MTU
Ceol-Scoil Chorcaí
Cork School of Music





## The High Seas

**Satharn 01.02.25 | 8:00in | Ticéidí €15/20**

Agus Seó úr nua ar na bioráin acu, tá árdú croí á chur ag The High Seas ar lucht féachana ar fud an domhain, a bhuíochas san dos na sár cheoltóirí cumasacha atá ina bhun. Cruthaíonn an grúpa ceangal idir snáithíní ildaite an cheoil, na hamhránaíochta agus an rince Gaelach - á mheascadh le chéile go cumasach agus go spraoiúil - ceol ón gcroí.

***Caitlín Nic Gabhann*** (Consairtín) Craobh Uile-Éireann buaite faoi thrí ag an sárcheoltóir seo ó Chontae na Mí. Í ina hamhránaí ina theannta san, ar stáitse go rialta ag féilte agus i hallaí ceoil ó Mheiriceá Thuaidh go dtí an Áis.

Banríon ar rithim an cheoil í chomh maith - Í ina rinnceoir cumasach agus an domhan siúlta aici le Riverdance, agus cuireann an smacht atá aici ar chnag-uirlisí go mór leis an bhfuaim ar leith atá ag The High Seas.

Is ó Ghaoth Dobhair an sár-bheidhleadóir, ***Ciarán Ó Maonaigh.*** Ag fás aníos do, bhí tionchar an mhór ag a chlann iomráiteach - Na Mooneys ceolmhara - agus ag stíl ar leith fidléireachta Dhún na nGall air. Tá sé albam taifeadtha ag Ciarán agus ardmholadh fachta aige ó saineolaithe agus léirmheastóirí an cheoil. A chuid ceoil le clos ar fhuaim riain scannáin, ar an teilifís agus ar chláracha raidió.

Óigfhear eile ó Ghaoth Dóbhair é ***Cathal Ó Curráin*** (Amhránaí, Bouzouki, Bainseó, Fidil & Maindilín). Bhí ceol ins na cluasa ag Cathal ón gcliabhán agus é báite i dtraidisiún na n-amhrán agus é á spreagadh ag a chuid aintíní, Bríd agus Caitlín. Tá an stáitse roinnte aige le go leor ceoltóirí go dtí seo - ina measc, Kila, Aoife Ní Fhearraigh, Moya Brennan, Mairéad Ní Mhaonaigh agus na deirfiúracha Friel.

## The High Seas

**Saturday 01.02.25 | 8:00pm | Tickets €15/20**

*Uplifting audiences across the world,* ***The High Seas*** *bring a fresh collection of musical talent to the stage in their new show. The band skilfully weave together the colourful strands of Irish music, song and dance into a tapestry of tradition, giving a performance that is both playful and profound, ethereal and brooding.*

***Caitlín Nic Gabhann*** *(Concertina) the three-time All-Ireland champion from County Meath is a regular performer at festivals and in concert halls from North America to Asia. She is also an accomplished dancer, having toured the world with Riverdance, and brings her percussive beats to the stage with The High Seas.*

*Fiddle player* ***Ciarán Ó Maonaigh*** *hails from the Gaoth Dobhair. Growing up, he was heavily influenced by his extended family and the unique Donegal style of fiddling. Ciarán has recorded six albums, receiving great critical acclaim. His music has been used in films, on television and on radio programmes.*

***Cathal Ó Curráin*** *(Singer, bouzouki, banjo, fiddle and mandolin) also hails from Gaoth Dobhair. Cathal was immersed in the song tradition growing up and his singing talents were nurtured by his aunties Bríd and Caitlín. He has performed with the likes of Kila, Aoife Ní Fhearraigh, Mairead Ní Mhaonaigh, Moya Brennan and The Friel Sisters.*





## Deich gCinn de Shean-Amhráin - Hammy Hamilton

**Domhnach 02.02.25 | 3:00in | Saor**

Ag oiche áirnéala - béile blasta agus seisiún amhránaíochta - i dtigh Hammy lena shean chairde, Pat "Herring" Ahern agus Johnny Mc Carthy a d'eascair an tuairim gur chóir dóibh cúpla amhrán a thaifeadadh.

Chuir an tIonad Cultúrtha tacaíocht ar fáil chun Cormac McCarthy a chomisniú le ceol a chur in eagair i dteannta cairde le Hammy, a bhí oilte sa cheol chlasaiceach agus thraidisiúnta araon. Cuireadh ceathaireád-sreanga le chéile agus ag éirí as san, seo chugaibh na sean-amhráin a bhí ag Hammy ó bhí sé ina dhéagóir sa tuaisceart agus iad curtha i láthair ar bhealach atá idir sean agus nua.

## Ten Old Songs - Hammy Hamilton

**Sunday 02.02.25 | 3:00pm | Free**

*With great assistance from An tIonad Cultúrtha, who commissioned the renowned Cormac McCarthy to do the arrangements, and calling in friends who straddled the classical and traditional worlds to form a string quartet, here are old songs that Hammy has known since his teens in the north, presented in a way that's both new and old.*







# Anáil an Dúchais

## Taispeantais Ealaíona le Meadhbh Ní Eidhin

Aoine **21.02.25 | 7:00in | Saor**

Tarraingíonn Meadhbh Ní Eidhin, ealaíontóir as an Spidéal, Co. na Gaillimhe, go mór ar thírdhreacha cultúrtha agus nádúrtha na hÉireann chun saothair a chruthú atá bunaithe ar áit agus ar shamhlú na samhlaíochta. Agus í ag fás aníos i measc cóstaí fiáine Chonamara, faigheann sí inspioráid gan teorainn i dtraidisiúin bhríomhara na Gaillimhe agus áilleacht na réigiún is iargúlta in Éirinn. In Anáil an Dúchais, cuireann Meadhbh cnuasach de phictiúir agus de phriontaí Giclée i láthair a fhíann dhá mhórthéama le chéile: buille an cheoil tradisiúnta agus na tírdhreacha mistiúla atá mórthimpeall uirthi. Pléann a píosaí ceoil le rithim agus fuinneamh, ag baint úsáid as stríocanna agus dathanna saibhir, ilghnéitheacha chun foinn anamúla sheisiún ceoil traidisiúnta na hÉireann a mhacasamhlú.

Ina dhiaidh sin beidh cheolchoirm @8in le Derek Hickey, Liz & Yvonne Kane agus Macdara O Faoláin - Ticéidí €15/20

# Breath of Heritage

## Art Exhibition by Meadhbh Ní Eidhin

Friday **21.02.25 | 7:00pm | Free**

*Meadhbh Ní Eidhin, an artist from Spiddal, Co. Galway, draws deeply on the cultural and natural landscapes of Ireland to create works that are both grounded in place and steeped in imagination. Growing up along the wild coastlines of Connemara, she finds endless inspiration in the vibrant traditions of Galway and the otherworldly beauty of Ireland's more remote regions.*

*In Anáil an Dúchais, Meadhbh presents a collection of paintings and Giclée prints that weave together two major themes: the pulse of Irish music and the mystical landscapes that surround her. Her music-themed pieces burst with rhythm and energy, using dynamic strokes and rich, varied colours to echo the soulful tunes of traditional Irish music. In contrast, her abstract landscapes capture the ethereal quality of Ireland's wilderness, evoking the rugged, dreamlike beauty found throughout the country.*

*With each piece, Meadhbh invites viewers to experience the deep connection between Ireland's vibrant culture and its wild, enchanting landscapes.*

*www.mnefineart.com*

Followed by a concert @8in le Derek Hickey, Liz & Yvonne Kane agus Macdara O Faoláin - Tickets €15/20



## Derek Hickey, Liz & Yvonne Kane agus Macdara O Faoláin

Aoine 21.02.25 | 8:00in | Ticéidí €15/20

**Derek Hickey** (Bosca ceoil) Gradam Ceoil TG4 2024 Ceoltóir na Bliana 2024, **The Kane Sisters** (Fidil) Gradam Ceoil TG4 Grúpa na Bliana 2024 agus **Macdara Ó Faoláin** (Bouzouki) Gradam Ceoil TG4 2024 Ceoltóir Óg na Bliana 2024- ceoltóirí traidisiúnta don scoth iad uilig. Níl a sárú le fáil i ndomhan an cheoil.

Aithnítear **Derek Hickey**, ó Áth Dara i gContae Luimní go forleathan mar cheann des na boscadóirí is fearr in Éirinn. Thosaigh sé ag seinnt leis an Shannonside Ceilí Band ansin le Arcady - in éineacht le Frances Black, Brendan Larrisey agus Patsy Broderick agus ina dhiadh sin Dé Dannan.

In 2023, sheinn sé sa Cheoláras Náisiúnta mar chuid den tsraith *Drawing from the Well* de chuid Chartlann Cheol Thraidisiúnta na hÉireann. Faoi láthair tá Derek ina theagascóir ag Acadamh Ceoil agus Rince na hÉireann in Ollscoil Luimní.

Ó Leitir Fraic, is fidléirí a bhfuil ardmheas orthu iad **Liz & Yvonne Kane.** Sheinn na Kane Sisters in ionaid mhóra ar fud an domhain, ó Carnegie Hall i Nua-Eabhrach go dtí an Royal Albert Hall i Londain, agus rinne siad taifead agus comhoibriú le go leor bannaí ceoil cosúil leis na Chieftains, Cherish the Ladies, Steve Earle agus ar an mbóthar le Sharon Shannon. Eisíodh a gceathrú albam, *In Memory of Paddy Fahey* i 2022 le ceol a chum Paddy féin, maraon le píosaí ceoil nua chumtha ag LIz agus Yvonne iad fhéin.

Ós na Déise i gCo. Phort Láirge é **Macdara Ó Faoláin** - scoth cheoltóir ar an mbouzouki. Is minic é ag seinnt le Victoria Adiiye agus Cormac McCarthy, agus bíonn éileamh rialta air mar thionlacaí. Casann freisin le Páraic Mac Donnchadha (Bainseó) agus Pádraic Keane (Píobaí Uilleann). De réir an *Irish Echo* is "ceann des na halbaim is fearr le blianta beaga anuas" a bhí ina chéad albam *Beo.*



## Derek Hickey, Liz & Yvonne Kane agus Macdara O Faoláin

Friday 21.02.25 | 8:00pm | Tickets €15/20

***Derek Hickey*** *(Accordion) TG4 Gradam Ceoil 2024 Musician of the Year,* ***The Kane Sisters*** *(Fiddle) TG4 Gradam Ceoil 2024 Group of the Year and* ***Macdara Ó Faoláin*** *(Bouzouki) TG4 Gradam Ceoil 2024 Young Musician of the Year, all leading lights of the Irish traditional music world. Displaying incredible musicianship and mastery of their craft. Simply put, you will not hear finer exponents of our traditional music.*

***Derek Hickey,*** *from Adare in County Limerick, is widely acknowledged as one of Ireland's most prominent and influential master accordion players. At a young age he joined the Shannonside Céilí Band then Arcady, along with Frances Black, Brendan Larrisey and Patsy Broderick and then joined De Dannan. In 2023, Derek performed at the National Concert Hall as part of the third series of the Irish Traditional Music Archive's* Drawing from the Well *series. Derek is the button accordion tutor on the BA Irish Music and Dance at the Irish World Academy of Music and Dance, University of Limerick.*

***Liz & Yvonne Kane,*** *known as The Kane Sisters, are highly respected fiddle players from Letterfrack.*

*They have performed in prestigious venues all over the world, from Carnegie Hall in New York to the Royal Albert Hall in London, and have recorded and collaborated with many many artists including The Chieftains, Cherish the Ladies and Steve Earle and toured with Sharon Shannon. In 2022, they released their fourth album* In Memory of Paddy Fahey, *which features fifteen of his compositions as well as newly written tunes from both Liz and Yvonne.*

***Macdara Ó Faoláin*** *is a bouzouki player from An Rinn, Co. Waterford is fast becoming a significant figure in this field.*

*Macdara performs regularly with collaborators such as Victoria Adiiye and Cormac McCarthy, and is in regular demand as an accompanist. He also performs in a trio with Páraic Mac Donnchadha (tenor banjo) and Pádraic Keane (uilleann pipes). Their debut album,* Beo, *a compilation of live recordings from performances across the country, was hailed by the* Irish Echo *as "one of the best albums of the past few years."*



# ‘Aonach an Earraigh’

## le Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Craobh Lachtaín Naofa

**Satharn 01.03.25 | 8:00in | Saor**

Nua-scríofa ag Seán Ó Muimhneacháin, stiúrtha ag Dick Beamish. Léiriú ar imeachtaí lá aonaigh thraidisiúnta, á insint tré cheol, amhráin, lúibín, agus rince.

# ‘Aonach an Earraigh’

## le Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Craobh Lachtaín Naofa

**Saturday 01.03.25 | 8:00pm | Free**

*Newly written Irish-language show, written by Seán Ó Muimhneacháin depicting the excitement of a traditional fair day through the music, dance, and song of Gaeltacht Mhúscraí.*





# Steve Cooney & Dairena Ní Chinnéide

**Satharn 08.03.25 | 8:00in | Ticéidí €15/20**

Is mar gheall ar an stíl ar leith i dtionlacán giotár don gceol traidisiúnta, a d’fhorbair **Steve Cooney** faid is a bhí cónaí air in gCorca Dhuibhne, is mó atá a ainm in airde. Bhuaigh sé féin agus Séamus Begley an Gradam Náisiúnta Siamsaíochta i 1997.

Rugadh é i Melbourne na hAstráile agus tháinig sé go hÉirinn i 1980. Tá ceangail láidir aige leis an gcultúr bun-dúchasach sa tír sin i gconaí. Tá ceangal muinteartha aige le Tiobraid Árann, leis an gCabhán agus le Gaillimh.

Bhí baint aige le níos mó ná 250 CD a dhéanamh. Is file agus cumadóir amhrán é leis, agus d’oibrigh sé le go leor ealaíontóirí íocónacha idirnáisiúnta sa rac-cheol agus sa cheol tíre, ach is sa cheol traidisiúnta agus i gcruthú nascanna ceoil is mó atá a dhúil.

Sa bhliain 2020, bronnadh Gradam Saoil de chuid RTÉ Folk Awards air.

Is i bParóise Múrach in Iarthar Chiarraí a tógadh **Dairena Ní Chinnéide.** Tá 12 cnuasach filíochta foilsithe aici. An ceann is déanaí ‘Teacht Aniar – Meascra Dánta 2004-2024’. Deineann sí leaganacha Béarla dá cuid saothair i gcuid dos na leabhair ina measc *Fé Gheasa : Spellbound* le Arlen House agus *An Trodaí & Dánta Eile / The Warrior & Other Poems* Cló Iar Chonnacht. Tá ceol cumtha mar thionlacan ag na ceoltóirí agus na cumadóirí Steve Cooney agus Rónán Ó Snodaigh dá cuid filíochta. *Cinnlínte : Breaking Verse* teideal an dlúthdhiosca. Tá tréimhsí caite aici i bPáras sa Centre Culturel Irlandais agus le Malatrú Filíochta Aodh Ruadh Ó Domhnaill in A Coruna na Gailíse , American University Washington DC, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscsoil Santiago ar chónaitheachtaí agus í ina file cónaitheach ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne ar feadh cehthre mbliana anuas. Iar iriseoir, craoltóir agus ateangaire í.

## Steve Cooney & Dairena Ní Chinnéide

**Saturday 08.03.25 | 8:00pm | Tickets €15/20**

***Steve Cooney*** *is best known for his development of an influential style of guitar accompaniment to traditional Irish dance music which he developed in West Kerry, and for which he won the National Entertainment Award with Séamus Begley in 1997.*

*Born in Melbourne Australia in 1953, he came to Ireland in 1980 and maintains his connections with the Aboriginal culture there. He has ancestral links with Tipperary, Cavan and Galway.*

*He has participated in making more than 250 CD's. Also, a poet and songwriter, he has worked with many iconic international artists in rock and country music and Irish traditional music. In 2020 he was given the RTÉ Folk Awards 'Lifetime Achievement' Award.*

***Dairena Ní Chinnéide*** *was raised in Corca Dhuibhne in West Kerry. She has published 12 collections of poetry. The most recent is 'Teacht Aniar – Meascra Dánta 2004-2024'. She has produced English versions of her work in several books including* Fé Gheasa : Spellbound *by Arlen House and* An Trodaí & Dánta Eile / The Warrior & Other Poems *Cló Iar Chonnacht. Music has been composed to accompany her poetry by musicians and composers Steve Cooney and Rónán Ó Snodaigh,* Cinnlínte : Breaking Verse *is the title of the CD. She has spent time in Paris at the Centre Culturel Irlandais and with Malatrú Fííochta Aodh Ruadh Ó Domhnaill in A Coruna na Gailíse, American University Washington DC, Dublin City University, Ollscsoil Santiago on residencies and has been poet in residence at Oidhreacht Chorca Dhuibhne for the past four years. She is a former journalist, broadcaster and interpreter.*



## Ceol-Scoil Chorcaí

**Domhnach 09.03.25 | 3:00in | Saor**

Tá lúcháir ar Ceol-Scoil Chorcaí filleadh ar ais go dti an Ionad Cultúrtha chun mic léinn shinsearacha ó Roinn Cheol Traidisiúnta na hÉireann a a chur i láthair ag 'Ceiliúradh ar Cheol Traidisiúnta na hÉireann'.

## Cork School of Music

**Sunday 09.03.25 | 3:00pm | Free**

*Cork School of Music are delighted to return to The Ionad Cultúrtha to showcase their Senior Students from the Irish Traditional Music Department in a 'Celebration of Traditional Irish Music'.*

MTU
Ceol-Scoil Chorcaí
Cork School of Music






# Pierce, Looney, Cahillane & Murray

**Satharn 29.03.25 | 8:00in | Ticéidí €15/20**

Is pianódóir mór le rá é **Morgan Pierce.** Sheinn sé agus chuaigh sé ar camchuairt ar fud an domhain le go leor grúpaí agus seónna rathúla ar feadh na mblianta . Tá an cháil baint amach aige i dtaobh a chumais agus a chuid taithí mar thionlacaí, agus is sár cheoltóir ar an bpianó é, agus an éileamh air.

Is cumadóir agus ceoltóir ilghnéitheach é **Edward Looney**. Seinneann sé bosca ceoil, feadóg mhór, feadóg íseal agus bodhrán go príomha. Buaiteoir uile-Éireann é Edward, a roinneann a chuid grá don gceol Gaelach i rith an lae agus é ina Mhúinteoir Bunscoile, agus istoíche, meallann sé lucht féachana agus é ag seinm i *Celtic Steps The Show*.

Is fidléir agus amhránaí den scoth í **Laura Cahillane.** Cé go bfhuair sí a cuid traenáil sa stíl chlasaiceach, tá sí an tógtha le ceoil traidisiúnta, agus baineann sí sult go príomha as a bheith ag seinnt i seisiúin thraidisiúnta i mBaile Bhúirne na laethanta seo. Sheinn sí ar feadh roinnt blianta le Edward agus Morgan mar sa ghrúpa *Lonradh*.

Tá **Jim Murray** ar dhuine de phríomh sheinnteoirí giotáir na hÉireann. Tá raon agus taithí forleathan ceoil cnuasaithe le chéile ag Jim agus fuaim nua-aimseartha uathúil agus spreagúil cruthaithe aige i dtionlacain don ngiotár. Tá mór chuid turasanna ceolmhara agus taifid náisiúnta agus idirnáisiúnta déanta ag Jim, agus é i gcomhpháirtíocht le mór cheoltóirí agus ealaíontóirí na linne seo, ar nós Séamus Begley, Sharon Shannon, Sinéad O Connor, Steve Earl, Shane McGowan,Altan agus Mary Black

# Pierce, Looney, Cahillane & Murray

**Saturday 29.03.25 | 8:00pm | Tickets €15/20**

***Morgan Pierce*** *is an acclaimed pianist. He has played and toured all over the world with many successful groups and shows throughout the years. His talents and experience have earned him a reputation as a most sought-after accompanist and piano virtuoso.*

***Edward Looney*** *is a multi-instrumentalist and composer. He mainly plays accordion, flute, low whistles, and bodhrán. A multi-All-Ireland winner, Edward shares his love for Irish music by day as a Primary School Teacher and captivates audiences by night performing in* Celtic Steps The Show.

***Laura Cahillane*** *is an accomplished fiddle player and singer. She trained in the classical style but has given over her allegiance to trad and these days mainly enjoys playing in trad sessions in Baile Bhúirne. She performed for several years with Edward and Morgan as* Lonradh.

***Jim Murray*** *is one of Ireland's leading guitar players. Jim has combined a wide range of music and influences to create a unique and exciting modern sound in guitar accompaniment. Jim has toured and recorded both nationally and internationally with many of Ireland's renowned artists and has performed and recorded with artists such as Seamus Begley, Sharon Shannon, Sinead O'Connor, Steve Earl, Shane McGowan, Altan and Mary Black to mention but a few.*







## SEEDING THE FUTURE (10 MINS)

**Saturday 12.04.25 | 7:00pm | Saor**

*SEEDING THE FUTURE* is a short film inspired by the work of WEALL Ireland's Cultural Creatives Community of Practice; a community of over 40 artists, academics and activists working towards a wellbeing economy for all.

It draws deeply from the work of ecophilosopher Joanna Macy's Active Hope/The Work That Reconnects and from my ongoing involvement with three key Communities of Practice in: WEALL (Wellbeing Economy Alliance), Active Hope/The Work That Reconnects and Ecodharma with David Loy.



## ARE WE ONE (62 MINS)

**Saturday 12.04.25 | 7:00pm | Free**

Anú Pictures presents *Are We One*. A documentary tracing the transmission of Zen meditation through the life's work of 90 year-old Irish-American Jesuit Zen Master Robert Kennedy – and his successors and students – in a contemporary exploration of interfaith dialogue on the common ground of human experience.

'Beautiful' Tommy Tiernan – Irish Comedian, Actor & Writer

'Revelatory' Roger Haight – Former President of the Catholic Theological Society of America

'A jewel to behold' – Irish Writer Michael Harding

## Taispeantais Ceoil, Dramaíochta agus Rap

**Domhnach 13.04.25 | 3:00in | Saor**

**Ensemble Mhúscraí**
Ceoltóirí óga faoi stiúr Paul Clesham atá in Ensemble Mhúscaí - bíonn siad ag foghlaim conas seinnt le chéile agus conas piosaí ceoil a chóiriú. Cuirfidh an grúpa léiriú ar a gcuid ceoil agus amhránaiochta i láthair.

**Rap le daltaí Colaiste Ghobnatan**
Beidh an grúpa seo ag taispeáint a gcuid scileanna RAP faoi stiúir Garry McCarthy GMCBeats (cliú agus cáil leis an amhrán *The Spark*)

**Drámaíocht le hAisteoirí Dúchas Amharclann Óige an tSuláin**
Faoi stiúir Esther Uí Chruadhlaíoch, beidh an dream seo ag léiriú dráma atá scríte agus curtha le chéile ag an ngrúpa ar fad.

## Music, Drama and Rap Performance

**Sunday 13.04.25 | 3:00pm | Free**

***Ensemble Mhúscraí***
*Ensemble Mhúscraí are a Youth Orchestra led by musician Paul Clesham who teaches them tunes, how to arrange them and how to then play together.*

***Rap from Colaiste Ghobnatan students***
*This group will perform their RAP skills under the guidance of Garry McCarthy GMCBeats (producer of huge hit single* The Spark*).*

***Drámaíocht le hAisteoirí Dúchas Amharclann Óige an tSuláin***
*Esther Uí Chruadhlaíoch provides a platform for the voice of young people In the form of drama that will be fun & enjoyable. They will showcase their skills in acting, technology, lighting, backstage and prop/equipment.*





# Taispeantais Tacaois

**Aoine 02.05.25 | 7:15in | Saor**

Taispeantais ón ghrúpaí aitiúil ó Béal Átha an Ghaorthaidh, Cill na Martra agus Baile Mhuirne againn don saothar agus is buaicphointe ár bhféilire atá ann. Is í Helen Ní Chuill atá ag soláthar ranganna ealaíne do phobal Mhúscraí aon duine os cionn 18 bhlian d'aois.

**Ina dhiaidh sin beidh cheolchoirm ag 8in le CUAS - Ticéidí €15/20**

# Taispeantais Tacaois

**Friday 02.05.25 | 7:15pm | Free**

This exhibition is from our local groups from Béal Átha an Ghaorthaidh, Cill na Martra and Baile Mhuirne and portrays their work of Autumn 2024 & Spring 2025 and it is a highlight of our calendar. Helen Ní Chuill provides art classes for the Múscraí community to anyone over the age of 18.

